



# **Ráiteas Um Chaomhnú Leanaí** ***Child Protection Statement***

**Scoil na bhForbacha**  
**17668G**

Is bunscóil í Scoil na bhForbacha a chuireann oideachas bunscóile ar fáil do dhaltaí ó Naíonáin Shóisearacha go dtí an Séú Rang.

De réir na gceanglas san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 (le Aguisín 2019), Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta 2017(athbhreithnithe 2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscóileanna agus Iar-bhunscóileanna 2017, agus Treoir Thusla maidir le Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí a chur le Chéile, tá toilithe ag Bord Bainistíochta Scoil na bhForbacha leis an Ráiteas maidir le Cumhdach Leanaí atá leagtha amach sa cháipéis seo ag cloí le riachtanais ghinearálta Cosaint Sonraí..

- 1 Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscóileanna agus Iar-bhunscóileanna 2017 na Roinne agus déanfar iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán seo maidir le Cumhdach Leanaí.
- 2 Is é **an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe** (DIA): ná  
Áine Ní Thuathail Príomhoide
- 3 Is é an **Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe** (D/DIA): ná  
Niamh Nic Cárthaigh, Príomhoide Tánaisteach
- 4 Admhálann an Bord Bainistíochta go bhfuil cúrsaí cosanta agus leasa leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus nach mór é sin a léiriú i ngach ceann de bheartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí na scoile. I ndáil lena beartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le cosaint leanaí agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil:

- glacadh leis go bhfuil fóorthábhacht le cosaint leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
- comhoibriú go hiomlán leis na hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015(le Aguisín 2019) agus le reachtaíocht eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla cuí maidir le cosaint agus leas leanaí;
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go mbainfeadh díobháil nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul sa mbaol go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;
- gnás ionracais le tuismitheoirí a thabhairt chun cinn agus iad a spreagadh le bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí cosanta leanaí.

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

- 5 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas ar bun:

- I gcas baill ar bith den fhoireann is ábhar d'iniúchadh ar bith (cibé caoi a thuairiscítear é) i leith aon ghnímh, neamhghnímh nó cúinse i leith linbh atá ag freastal ar an scoil, cloíonn an scoil leis na nósanna imeachta cuí atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 agus leis na nósanna imeachta ábhartha araíonachta do bhaill foirne scoile atá foilsithe ar shuíomh idirlín na Roinne.
- Maidir le roghnú agus earcú ball foirne agus lena n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, cloíonn an scoil le riachtanais reachtúla grinnfhiosrúcháin na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 go 2016 agus leis an treoir leathan maidir leis an dualgas cúraim atá leagtha insna ciorcláin ábhartha de chuid an Gharda a bhaineann le grinnfhiosrúchán agus earcaíocht agus atá arna bhfoilsíú ag an ROE agus le fáil ar shuíomh idirlín na ROE.
- Maidir le soláthar an eolais agus, áit is gá, an teagaisc agus na hoiliúna do lucht foirne chun a shonrú go bhfuil an díobháil (mar a shainmhínítear í in Acht 2015) tarlaithe rinne an scoil na nithe seo a leanas -
  - Cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí a chur ar fáil do gach ball den fhoireann
  - A chinntiú go gcuirfear cóip de Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí ar fáil do gach ball nua den fhoireann
  - Lucht foirne a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chúí
  - Comhaltaí den Bhord Bainistíochta a spreagadh chun leas a bhaint as oiliúint chúí
  - Coimeádann an Bord Bainistíochta taifid de gach oiliúint a chuirtear ar lucht foirne agus ar chomhaltaí den Bhord
- Maidir le hábhair imní i dtaobh na cosanta leanaí a thuairisciú do Thusla, ní mór do gach ball foirne cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach in sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 ar a n-áirítear, i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd a bhaineann le tuairisciú sainordaithe faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- Sa scoil seo tá an DIA thuasluaite ceaptha ag an mBord mar an “duine cuí” (mar a shainmhínítear sin san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 (le Aguisín 2019) chun bheith mar an gcéad pointe teagmhála i leith an Ráitis maidir le Cumhdach Leanaí.
- Daoine sainordaithe is ea gach múinteoir cláraithe arna fhostú ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 (le Aguisín 2019), tá measúnacht curtha i gcrích ag an mBord maidir leis an mbaol go mbainfeadh díobháil fhéideartha ar bith do leanbh a bheadh ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnacht scríofa leis seo ina leagtar amach na réimsí riosca a sonraíodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú mar aguisín leis na nósanna imeachta seo.
- Is féidir rochtain ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo trí shuíomh idirlín na scoile, nó trí shuíomh idirlín na ROE nó cuirfidh an scoil ar

fáil iad ach iad a iarraidh.

Nóta: Níl sé i gceist go mbeadh an liosta thíos ina liosta uileghabhálach. Cuirfidh Boird Bhainistíochta ar leith san áireamh sa rannán seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil i gceist.

- 6 Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé tugtha do gach ball de lucht foirne na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí agus don phátrún. Tá sé ar fáil go héasca do thuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fail do Thusla agus don Roinn ach ceann a iarraidh.
- 7 Athbhreithneofar an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí gach bliain nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha bheith déanta maidir le haon ní dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Glactha thar cheann an Bhord Bainistíochta leis an Ráiteas seo maidir le Cumhdach Leanaí ar Dáta: 9ú Samhain 2023



Sínte: Murt Ó Cualáin

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta  
Bainistíochta

Dáta: 15ú Meán Fómhair 2025



Sínte: Áine Ní Thuathail

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord

Dáta: 15ú Meán Fómhair 2025

Agus é ag tabhairt faoin measúnacht riosca seo, tá gach dícheall déanta ag an mBord Bainistíochta chun a shonrú sa mhéid gur féidir é na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil agus chun a chinntiú go mbíonn nósanna imeachta leordhóthanacha ar bun chun gach riosca atá sonraithe a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnacht riosca seo ar bun ag an scoil chun na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú sa mhéid gur féidir é.

## Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* ( *athbhreithnithe 2023* ) , seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar Scoil na bhForbacha

### 1. Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile

- Teacht isteach agus imeacht na ndaltaí go laethúil
- Sosanna áineasa do dhaltáí
- Teagasc sa seomra ranga
- Teagasc duine le duine
- Tacaíocht foghlama duine le duine
- Comhairleoireacht duine le duine
- Gníomhaíochtaí teagasc lasmuigh
- Teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda
- Gníomhaíochtaí Spóirt
- Turais scoile
- Úsáid limistéar na leithreas/na seomraí feistis i scoileanna
- Lá Spóirt Bliantúil/ Seachtain Ghníomhach Bliantúil
- Imeachtaí tiomsaithe airgid ina mbíonn daltaí páirteach
- Úsáid áiseanna lasmuigh den láthair le haghaidh gníomhaíochtaí scoile
- Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá,
- Cúram a thabhairt d'aon scoláire leochaileach, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá
- Iompar dúshlánach a bhainistiú i measc daltaí, lena n-áirítear srianadh a úsáid go cuí nuair is gá
- Riarachán Leigheas
- Riarachán ar Gharchabhair
- Soláthar curaclaim maidir le OSPS, OCG, Bí Sábháilte
- Cosc ar an mbulaíocht agus déileáil léi i measc na ndaltaí
- Pearsanra scoile a oiliúint i gcúrsaí um chosaint leanaí
- Pearsanra seachtrach a úsáid chun cur leis an gcuraclam
- Pearsanra seachtrach a úsáid chun tacú le spóirt agus le gníomhaíochtaí seach- churaclaim eile
- Cúram do dhaltáí a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais shonracha orthu amhail
  - Daltaí mionlaigh eitneacha/imircigh
  - Le haghaidh daoine den lucht taistil.
  - Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LADT)
    - Daltaí a mheastar a bheith ina LADT
    - Daltaí de chreideamh reiligiúnach mionlaigh
    - Leanaí atá faoi chúram
    - Leanaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí
    - Leanaí a bhfuil riachtanais mhíochaine acu
- Pearsanra scoile a earcú lena n-áirítear -

- Múinteoirí/CRSanna
- Airíoch/Rúnaí/Glantóirí
- Cóitseálaithe spóirt
- Teagascóirí Seachtracha/Aoi-Chainteoirí
- Oibríthe Deonacha/Tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile
- Cuairteoirí/conraitheoirí ar scoil le linn uaireanta scoile
- Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair le linn gníomhaíochtaí tar éis scoile
- Rannpháirtíocht na ndaltaí i searmanais reiligiúnacha/teagasc reiligiúnach lasmuigh den scoil
- Úsáid Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide ag daltaí ar scoil, na meán shóisialta san áireamh
- Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoi Chód Iompair na scoile lena n-áirítear daltaí a choinneáil istigh, fóin a choigistiú etc.
- Scoláirí atá rannpháirteach in eispéireas oibre sa scoil
- Múinteoirí faoi oiliúint atá ag tabhairt faoi shocrúchán oiliúna ar scoil
- Físeán/grianghrafadóireacht/meán eile a úsáid chun imeachtaí scoile a thaifeadh
- Club oibre baile/staidéar tráthnóna
  - Úsáid áitribh scoile ag eagraíochtaí eile
  - Eagraíocht eile ag úsáid áitribh scoile i rith an lae scoile

## 2. Shainnithin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí -

### Samplaí de Rioscaí Díobhála

- Riosca díobhála nach n-aithníonn pearsanra na scoile
- Riosca gan díobháil a thuairisciú go cuí agus go pras ag pearsanra na scoile
- Riosca go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- An baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
- An baol go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir sa scoil díobháil do leanbh sa scoil
- An baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha
- Riosca díobhála mar gheall ar úsáid mhíchuí a bhaint as ardán cumarsáide cianda teagaisc agus foghlama ar líne mar dhuine gan chuireadh ag rochtain an naisc ceachta, daltaí á bhfágáil gan mhaoirsiú ar feadh tréimhsí fada ama i seomraí ar leithligh
- Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh
- Riosca díobhála mar gheall ar chiníochas
- Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil
- Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil
- Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile
- Riosca díobhála mar gheall ar leanaí rochtain a fháil go míchuí ar ríomhairí, na meán shóisialta, fóin agus gairis eile agus iad ar scoil

- Riosca díobhála do leanaí RSO a bhfuil leochaileachtaí ar Leith orthu, lena n-áirítear leochaileachtaí míochaine
- Riosca díobhála do leanbh agus leanbh faoi chúram pearsanta
- Riosca díobhála mar gheall ar chód iompair neamhleor
- Riosca díobhála i gcás teagaisc, comhairleoireachta, cóitseála duine le duine
- Riosca díobhála mar gheall ar bhall de phearsanra scoile cumarsáid a dhéanamh le daltaí ar bhealach míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile
- Riosca díobhála de dheasca ball pearsanra scoile rochtain/scaipeadh a dhéanamh ar ábhar míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile.

### **3. Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun dul aghaidh a thabhairt na rioscaí díobhála a shaináithnítear sa mheasúnacht seo -**

- Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* de chuid na scoile ar fáil do phearsanra uile na scoile
- Cuirtear na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* ar fáil do phearsanra uile na scoile
- Ceanglaítear ar Phearsanra na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)* a chomhlíonadh agus éilítear ar gach ball foirne cláraithe an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus an tAguisín a ghabhann leis (2019) a chomhlíonadh
- Cuireann an scoil an Clár maidir le Fanacht Sábháilte chun feidhme go hiomlán
- Cuireann an scoil curaclam OSPA chun feidhme go hiomlán ina n-áirítear OCG
- Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaithe na Roinne maidir le *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023)*
- Tugann an scoil faoi thionscnaimh feasachta frithchiníochais
- Tá polasaí maoirseachta clóis/clós súgartha ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.
- Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile
- Tá polasaí sláinte agus sábháilteacht ag an scoil ar a n-áirítear cleachtais Drill Dóiteáin
- Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúcháin Garda agus ciorcláin ábhartha ROS i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda
- Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)
- Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
- Tá polasaí um Riachtanas Oideachais Speisialta ag an scoil
- Tá beartas/plean maidir le dlúthchúram pearsanta ag an scoil maidir le daltaí a dteastaíonn cúram den sórt sin uathu

- Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cógais a thabhairt do dhaltaí
- Maidir leis an scoil:
  - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile
  - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann sí baill an bhoird bainistíochta leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn sí taifid ar gach oiliúint foirne agus ball boird
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun Garchabhair a riar
- Tá cód iompair i bhfeidhm ag an scoil do dhaltaí
- Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag an scoil, lena n-áirítear soláthar teagaisc agus foghlama ar líne ar bhonn cianda, agus tá an beartas sin curtha in iúl do thuismitheoirí
- Tá beartas i bhfeidhm ag an scoil lena rialaítear úsáid fóin chliste agus gairis táibléad sa scoil ag daltaí de réir chiorclán 38/2018
- Tá Plean Bainistíochta um Theagmhais Chriticiúla i bhfeidhm ag an scoil
- Tá polasaí maidir le Teagmhálaí Baile agus Scoile agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag an scoil
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun daoine seachtracha a úsáid chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh , bíonn an múinteoir ranga i láthair i gcónaí
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cóitseálaithe spóirt seachtracha a úsáid, bíonn an múinteoir ranga i láthair i gcónaí
- Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh gníomhaíochtaí teagaisc duine le duine
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh comhairleoireachta duine le duine
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le socrúcháin d'ábhair mhúinteoirí
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le mic léinn atá i mbun taithí oibre sa scoil

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca “díobhála” mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* ( *athbhreithnithe 2023* )

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéad is féidir.

Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an mBord Bainistíochta ar an 27ú Samhain 2024. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

### Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023), seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar Scoil na bhForbacha.

<b>1.Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile</b>	<b>2.Shainaithin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí -</b>	<b>3.Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun dul aghaidh a thabhairt na rioscaí díobhála a shainaithnítear sa mheasúnacht seo –</b>
Traenáil baill foirne i gcúrsaí Caomhnú Leanaí	An riosca díobhála gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile	<p>Tá cóip de <i>Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí</i> ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile ar an suíomh in-mheánach.</p> <p>Tá cóip de <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017(ATHBREITHNIÚ 2023)</i> ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile ar an suíomh in-mheánach.</p> <p>Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017</i> agus éilítear ar gach duine den fhoireann</p>

		cláraithe teagaisc cloí leis an <i>Acht um Thús Áite do Leanaí 2015</i> .
Dóirse na Scoile ar oscailt le linn an lae	An riosca go dtiocfadh duine isteach sa scoil gan síniú isteach ag an fáiltiú, nó gan fhios don fhoireann.	Déanann na CRS agus an rúnaí cinnte go bhfuil doirse dúnta théis 9am agus théis am sosa. Leabhar síniú ag an Fáiltiú Ní ligtar do pháistí dul ina aonair áit ar bith. CCTV timpeall na scoile go háirithe ag na bealaí iontrála agus fógraí go bhfuil a leithid ann.
Teacht agus imeacht na ndaltaí gach lá	Riosca ó dháltaí níos sine nó stráinséirí ar shuíomh na scoile.	Tá beartas maoirseachta ar an gclós ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chúí ar leanaí le linn tionóil, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc.
Sosanna áineasa do na daltaí	An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil  An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil	Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gcioclán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.
Múineadh sa seomra ranga	An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil  An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil  An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil	Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil  Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gcioclán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

		<p>Tá cóid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamh-theagaisc)</p> <p>Bí airdeallach gach lá go háirithe le páistí a bhfuil rudaí scríofa agat fúthu cheana féin, gach rud a thaifeadtú sa bhfilteán agus gan ainmneacha a úsáid.</p>
Obair Thacaíochta Foghlama	<p>Nuair gur féidir, déantar tacaíocht foghlama sa rang.</p> <p>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil</p> <p>An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil</p>	<p>Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil</p> <p>Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gcioclán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.</p>
Múineadh duine-le-duine	<p>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil</p> <p>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn do mhúineadh duine-le-duine, comhairliú, cóitseáil bheith ar siúl</p>	<p>Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.</p> <p>Tógtar beirt daltaí ag an ama más féidir</p> <p>Bíonn gloine sa doras den tseomra Tac Fogh.</p> <p>Bíonn bord idir an múinteoir agus an dalta.</p>
Comhairliú duine-le-duine	<p>An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil</p> <p>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh le linn do mhúineadh duine-le-duine, comhairliú, cóitseáil bheith ar siúl</p>	<p>Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.</p> <p>Tógtar beirt daltaí ag an ama más féidir</p> <p>Bíonn gloine sa doras den tseomra Tac Fogh.</p> <p>Bíonn bord idir an múinteoir agus an dalta.</p>
Gníomhaíochtaí múinte amuigh fén spéir	An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile,	Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta

	<p>ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha</p> <p>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil</p>	<p>ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gclórán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.</p> <p>Tá beartas maoirseachta ar an gclós ag an scoil chun a chinntiú go mbíonn maoirseacht chúí ar leanaí le linn tionóil, imeacht na ndaltaí agus sosanna agus i leith achar sainiúil ar nós leithreas, seomraí malartaithe etc.</p> <p>Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.</p>
Gníomhaíochtaí Spóirt	Go ngortóidh páiste iad fhéin nó páiste eile.	<p>Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.</p> <p>Traenáil garchabhair &amp; defibrillator déanta go rialta.</p>
Siúlóidí lasmuigh den scoil	An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile, ball d'fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha	<p>Cuireann an scoil Clár Bí Sábháilte i bhfeidhm go hiomlán</p> <p>Cuireann an scoil an curaclam OSPS i bhfeidhm go hiomlán</p> <p>Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.</p>
Traenáil CLG	An riosca go ndéanfaí díobháil do pháiste agus cóitseáil bheith ar siúl	<p>Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gclórán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.</p>

		<p>Tá beartas agus nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith éirí ón scoil.</p> <p>Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta ag an scoil.</p> <p>Bíonn múinteoir ranga i gconáí I lathair do na ceachtanna CLG.</p>
Turais scoile a bhfuil cuairt thar oíche ag gabháil leo	N/A	Níl siad i bhfeidhm sa scoil
Turais scoile a bhfuil taisteal thar lear ag gabháil leo	N/A	Níl siad i bhfeidhm sa scoil.
Úsáid ionad leithris/malartaithe/cithfholctha i scoileanna	An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil	<p>Cuireann an scoil Clár Bí Sábháilte i bhfeidhm go hiomlán</p> <p>Cuireann an scoil an curaclam OSPS i bhfeidhm go hiomlán</p> <p>Tá cóid iompraíochta ag an scoil d'fhoireann na scoile (foireann teagaisc agus neamh-theagaisc)</p>
Ócáidí tiomsaithe airgid a mbíonn daltaí gafa leo	An riosca díobhála ó dhaoine fásta nó páistí eile is iad taobh amuigh den scoil ag bailiú airgid	Cinnteadh muid go bhfuil freagracht ag na tuistí 's na páistí ag bailiú airgid taobh amuigh den scoil agus ba cheart go mbeadh tuismitheoir(i) leo.
Úsáid áiseanna lasmuigh de láthair na scoile do ghníomhaíochtaí scoile	An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhairseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil.	Cinnteadh muid go bhfuil in ndóthain daoine le maoirseacht a dhéanamh ar na páistí.
Snámh	An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhairseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar	Cinnteadh muid go bhfuil I ndóthain daoine le maoirseacht a dhéanamh ar na páistí.

	ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil. Bullaíocht ó pháistí eile. Baol go nglacfar griangraif de pháistí.	Cinnteidh muid go bhfuil cubhacaill acu dóibh féin le headaí a hathrú más féidir. Leantar scoil clár OSPS, RSE, Bí Sábhailte, Misneach agus leantar Polasaithe Sláinte & Frith-Bhulaíochta na scoile. Leantar Polasaí Úsáid Fón Póca na scoile.
Cluichí Peile / Luthchleasaíocht I Seantraibh	An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil. Bullaíocht ó pháistí eile.	Leantar scoil clár OSPS, RSE, Bí Sábhailte, Misneach agus leantar Polasaithe Sláinte & Frith-Bhulaíochta na scoile.  Déantar cinnte go bhfuil coimheas múinteoir:dalta ceart I bhfeidhm.
Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, dlúthchúram áit is gá	An riosca go ndéanfaí ball d'fhoireann na scoila díobháil do leanbh sa scoil. An riosca go ndéanfaí leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil. An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh a bhfuil RSO orthu agus a bhfuil soghontachtaí ar leith orthu.	Tá beartas Riachtanais Speisialta Oideachais ag an scoil. Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gciorclán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.
Iompraíocht dhúshlánach i measc daltaí a bhainistiú	An riosca go ndéanfaí leanbh díobháil do daltaí nó ball don fhoireann.	Cód Smachta á leanúint. Tá beartas Sláinte agus Sábháilteacht & Polasaí Bulaíochta ag an scoil. Leanann an scoil Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar scoileanna.
Dáileadh Cógais	An riosca go ndéanfaí ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil.	Tá beartas Sláinte agus Sábháilteacht ag an scoil. Tá beartas Riaracháin Leigheas ag an scoil. Doras ar oscailt agus fuinneoga sa seomra.

		Traenáil déanta ag an bhfoireann ar Gharchabhrach.
Dáileadh Garchabhrach	An riosca go ndéanfaí ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil.	Tá beartas Sláinte agus Sábháilteacht ag an scoil. Tá beartas Riaracháin Leigheas ag an scoil. Doras ar oscailt agus fuinneoga sa seomra. Traenáil déanta ag an bhfoireann ar Gharchabhrach.
Grianghraif Scoile	An riosca go ndéanfadh an griangrafadóir díobháil do leanbh sa scoil. Go ndeantar mí úsáid do grianghraif scoile.	Leanann an scoil an Polasaí Úsáid Fón Póca. Scriostar grianghraif scoile tar éis suíomh na scoile a fhágáil. Bíonn múinteoir le na páistí nuair atá ghrianghrafadóir scoile ag glacadh griangraif.
Gníomhaíochtaí scoile ar siúl taobh amuigh de láthair na scoile (msh. Tráth na gCeist)	An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar gan mhaoirseacht ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil.	Cinntoidh muid go bhfuil i ndóthain daoine le maoirseacht a dhéanamh ar na páistí.
Oiliúint d'Fhoireann na Scoile faoi chúrsaí Chosant Leanaí	Nach ndéantar taifead agus tuairsciú cuí ar díobháil.	Leanann an scoil Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar scoileanna. Tá cóip de <i>Ráiteas na scoile maidir le Cumhdach Leanaí</i> ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile ar an suíomh in-mheánach.  Tá cóip de <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 (athbhreithnithe 2023)</i> ar fáil do gach ball

		<p>d'fhoireann na scoile ar an suíomh in-mheánach.</p> <p>Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017 (athbhreithnithe 2023)</i> agus éilítear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagaisc cloí leis an <i>Acht um Thús Áite do Leanaí 2015</i>.</p> <p>Traenáil PDST déanta ag an DIA/ LEAS DIA.</p> <p>Taifead déanta ag an bPríomhoide den traenáil go léir atá déanta ag an bhfoireann.</p> <p>Ionduchtú a dhéanamh ar múinteoirí nua a thosaíonn sa scoil.</p>
Bulaíocht	Cluichí ar an gclós, caidreamh sa rang, obair ghrúpaí, roimh/tar éis scoil, imeachtaí scoil, m.sh. lá spóirt, turas scoile,	Atmaisféar dearfach a chothú agus polasaí frith bhulaíochta na scoile a leanúint. Beidh beartas nua Bí Cineálta ag teacht ar sruth i mbliana. Aird a thabhairt ar ráiteas cosaint leanaí na scoile, Maoirseacht clóise, ceannaire Playworks, breathnóireacht sa rang, rólanna aimnithe do na páistí, daoine sa bhreis ag cabhrú le himeachtaí móra a bhfuil grinnfhiosrú acu.
Na Leithris ón gclós	Ag siúl leo féin, riosca dhíobhála ó pháiste eile nó duine fásta.	Maoirseacht CRS i bhfeidhm.
Soláthar an Churaclaim – OSPS, OCG agus Bí Sabháilte san áireamh	Bulaíocht teacht chun cinn tar éis na hábhair seo bheith a phlé, caidreamh mí-oiriúnach le daoine	Ceacht seachtainiúil OSPS, múinteoirí ag leanúint na pleananna OSPS, OCG agus Bí

	fásta m.sh múinteoirí ceoil, bainisteoir foireann spóirt, clubanna iar-scoile, na huaireanta le rún a inse agus a choimeád.	Sábhailte, muna bhfuil sé clúdaithe in aon choicís amháin: é a chuir ar aghaidh chuig an chead coicís eile. (Plean uile- scoile a leanúint)
Daltaí LADT (LGBT) nó Daltaí a bhraitear le bheith LADT (LGBT)	Bulaíocht, ag déanamh magadh ar dhifríochtaí, strús móthúchánach an pháiste féin, mothaíonn siad nach féidir leo labhairt le éinne faoi, mothaíonn siad difriúil agus mar sin, faoi ghruaim.	Polasaí Frith-Bhulaíocht, Polasaí Caomhnú Leanaí, atmaisféar tuisceanach agus i leith difríochtaí a chrúthú sa scoil.
Mic Léinn ar Shocrúchán Scoile	An riosca go ndéanfaí ball d'fhoireann na scoila díobháil do leanbh sa scoil. Níl siad i dtaithe ar rialacha agus nósanna na scoile, ní leanann siad na céimeanna cearta chun deileáil le cás faoi léith, níl eolas acu faoi na pleananna OSPS atá a chlúdadh an téarma sin.	Grinn-fhiosrú na ngardaí a bheith leo chomh maith le na foirmeacha cuí ón gcoláiste oideachais. Leabhrán Eolais a chuir ar fáil dóibh, pleanáil OSPS ranga téarmúil a chuir ar fáil dóibh, iad a spreagadh teacht chuig an múinteoir ranga chun fadhbanna a phlé roimh iarracht a dhéanamh iad a réiteach, cruinniú/cur I láthair acu leis an bpríomhoide roimh tosnú (eolas a thabhairt dóibh faoin DIA/ LEAS DIA, srl.)
Mic Léinn ar Thaithe Oibre	Níl siad i dtaithe ar rialacha agus nósanna na scoile, rudaí mí-oiriúnach a rá le páistí/teanga mí-oiriúnach a úsáid, gan tuiscint a bheith acu faoi gan a bheith ina n-aonar le páiste (cé chomh dáiríre agus a thig le rud éigin a bheith)	Grinn Fhiosrúcháin na nGardaí má tá siad os cionn 16. Cómhra a bheith acu leis an bpríomhoide/múinteoir ranga roimh tosnú, míneadh a dhéanamh ar gan a bheith leat féin le páistí, na foirmeacha cuí a bheith líonta agus leo ar an chead lá, dul díreach chuig baill den fhoireann chun deileáil le fadhb.

		Plean agus clár-ama don tseachtain a bheith ag na mic-léinn.
Am sosa/ Am lóin	Spraoi garbh, bulaíocht, múinteoirí déanach don dualgas clóise, strainséirí/cuairteoirí ag teacht isteach ar an gclós, an aimsir.	Feitheoireacht scoile I bhfeidhm ag na múinteoirí agus CRS. Cód iompar, Playworks, clog ag bualadh noiméad nó dhó luath, geataí dúnta i rith an lae, tá ar gach duine dul tríd an oifig, na páistí ag spraoi sa seomra ranga nuair atá an aimsir ró-dhona.
Imeachtaí Múinteoireachta Lasmuigh	An múinteoir gan a bheith i láthair i rith na hama, an múinteoir ag siúl chun na leithris le páiste, an múinteoir lasmuigh gan a bheith ag claoi leis an polasaí caomhnú leanaí/cód iompar/rialacha na scoile.	Bíonn an múinteoir ranga I láthair i rith na hama, beirt páistí le chéile le dul go dtí an leithris, grin-fhiosrú a bheith ag an múinteoir lasmuigh, polasaíthe agus rialacha a chuir ar fáil don mhúinteoir lasmuigh.
Lá Spóirt	Páistí cailte óna rang, páistí ag rith amach as timpeallacht na scoile, timpistí fisiciúla, dóite ag an ghrian, gan go leor uisce a ól, strainséirí ag teacht isteach ar thimpeallacht na scoile.	Múinteoir/CRS amháin i gceannas ar ghrúpaí nach bhfuil ró-mhór, "CRS i bhfeighil ar gharchabhair ar fhaitíos go mbíonn timpiste, nóta abhaile faoi uachtar gréine agus breis uisce ar an lá, uachtar gréine/uisce ag an mbanaltra, geataí faoi ghlas, múinteoirí sa bhreis ar maoirseacht ghineáralta.
Úsáid Áiseanna nach bhfuil ar láthair na scoile	Páistí cailte, strainséirí, timpistí	Cupla múinteoir i gceannas ar ghrúpaí áirithe, rolla a ghlacadh roimh ré agus ag an deireadh, bosca cead cabhair/epipen/Defib (más gá) a thógáil leat.
Socruithe Taistil Scoile agus Tionlacan	Ag dul ar strae ag siúl go dtí an mbus, ag siúl fríd scaifte tuismitheoirí go dtí	High-vis vests ar gach páiste, gan iad a scaoileadh go dtí go bhfuil an bus iomlán

	an mbus, gan a bheith feiceálach don tiománaí.	páirceáilte, páistí an bhus ag barr an líne agus scaoiltear iad ar dtús, ag siúl i líne go dtí an bus, glaoch a fháil ó tuismitheoirí muna bhfuil siad ag taisteal ar an mbus. CRS ar dualgas i gclós na scoile.
Bainstíocht ar Iompar Dúshlánach agus Úsáid Srianta nuair is cuí	Bulaíocht, dochar fisiceach/mothúchánach, teanga mí-oiriúnach, easpa meas a thaispeaint ar pháistí eile/múinteoirí/an scoil.	Cód iompar, balla macnamh, cailliúint amach ar am órga nó rudaí deasa, plean tacaíochta iompar, cruinniú leis na tuismitheoirí, páiste a sheoladh abhaile má tá baoil ann do pháistí eile, lean an curaclaim OSPS.
Daoine Seachtracha/ Aoíanna a chuireann leis an gCurcalam	An múinteoir gan a bheith i láthair i rith na hama, an múinteoir ag siúl chun na leithris le páiste, an múinteoir lasmuigh gan a bheith ag claoi leis an polasaí caomhnú leanaí/cód iompar/rialacha na scoile.	Bíonn an múinteoir ranga i láthair i rith na hama, beirt pháiste le chéile le dul go dtí an leithris, grinn-fhiosrú a bheith ag an múinteoir lasmuigh, polasaíthe agus rialacha a chuir ar fáil don mhúinteoir lasmuigh.
Cúram Páistí a bhfuil soghontachtaí sainiúla acu <ul style="list-style-type: none"> <li>• Daltaí ó mhionlaigh eitneacha/imircigh</li> <li>• An Lucht Siúil</li> <li>• Daltaí ó Mhionlaigh Chreidimh</li> <li>• Daltaí faoi chúram an Stáit</li> <li>• Daltaí ar an <u>gCóras Fógartha um Chosaint Leanáí</u></li> </ul>	Bulaíocht Cinaíochas An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh a bhfuil RSO orthu agus a bhfuil soghontachtaí ar leith orthu	Polasaí Frith-Bhulaíocht Cód Iompar Atmaisféar tuisceanach a chruthú sa scoil  Ceacht seachtainiúil OSPS, múinteoirí ag leanúint na pleananna OSPS, OCG agus Bí Sábhailte, muna bhfuil sé clúdaithe in aon choicís amháin: é a chuir ar aghaidh chuig an chead coicís eile.
Earcú Baill foirne na scoile, ina measc; <ul style="list-style-type: none"> <li>• Múinteoirí</li> <li>• CRS</li> </ul>	An riosca go ndéanfaidh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil	Grinnfhoisrúcháin na nGarda Seic a dhéanamh le moltóirí

<ul style="list-style-type: none"> <li>• Airíoch</li> <li>• Rúnaí</li> <li>• Glantóirí</li> <li>• Oiliúnoirí Spóirt</li> <li>• Teagascóirí Seachtracha</li> <li>• Aoichainteoirí</li> <li>• Oibrithe Deonacha</li> <li>• Baill Bord Bainistíochta</li> <li>• Tuismitheoirí</li> <li>• Cúairteoirí ar láthair na scoile le linn an lae</li> <li>• Conraitheoirí ar láthair na scoile le linn an lae</li> <li>• Cúairteoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile</li> <li>• Conraitheoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile</li> </ul>	<p>An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil</p> <p>An riosca go ndéanfadh ball d’fhoireann na scoile, ball d’fhoireann eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha</p>	<p>Gan páistí a fhágáil leo féin</p> <p>Agallamh a dhéanamh ar na daoine más gá</p> <p>Liosta síniú isteach</p> <p>Éilítear ar Fhoireann na Scoile cloí leis na <i>Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna 2017</i> agus éilítear ar gach duine den fhoireann cláraithe teagasc cloí leis an <i>Acht um Thús Áite do Leanaí 2015</i>.</p>
<p>Úsáid fhoirgneamh na Scoile ag eagrais eile i rith an lae</p>	<p>Cosaint leanaí - An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil</p>	<p>Gan páistí a fhágáil leo féin</p> <p>Cinntiú go bhfuil fios ag an eagrais limistéir go bhfuil cead acu úsáid liosta síniú isteach</p>
<p>Úsáid TEC (ICT) ag daltaí na scoile</p> <p>Go háirithe anois leis an Cianfhoghlaim i bhfeidhm sa scoil de bharr dúnadh Éigeandála Covid-19 ó Marta- Meitheamh 2020.</p>	<p>Bulaíocht ar líne</p> <p>Ábhair mí-oiriúnach</p> <p>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar linbh bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meán sóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil</p>	<p>Clár OSPS agus Clár Foghlama Webwise</p> <p>Polasaí Frith-Bhulaíocht</p> <p>Polasaí Úsáid Inghlacadh idirín</p> <p>Ceachtanna Úsáid idirlín sábhailte a chur i bhfeidhm do phaistí agus do thuistí go bliantiúil</p> <p>Léibhéal cosaint ar idirlín na scoile</p>
<p>Cur i bhfeidhm smachtbhannaí mar chuid den Chód Iompair – coimeáid, tógaíl gutháin srl</p>	<p>Bulaíocht</p> <p>Ábhair mí-oiriúnach</p> <p>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar linbh bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meán sóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil</p>	<p>Tá Polasaí fóin phóca ar bun ag an scoil i leith úsáide fón phóca ag daltaí</p>
<p>Úsáid Físeáin/Mheáin eile chun taifead a dhéanamh ar Imeachtaí Scoile</p>	<p>Cosaint Leanaí</p> <p>Cosaint Sonraí</p>	<p>Úsáid Inghlacadh idirín</p> <p>Cód iomraíochta ag an scoil d’fhoireann na scoile</p>

	<p>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar linbh bheith ag rochtain ar nó ag úsáid ríomhairí, meán sóisialta, fóin agus fearais eile agus iad ar scoil</p> <p>An riosca go ndéanfaí díobháil do leanbh mar gheall ar bhall d'fhoireann na scoile bheith ag rochtain ar nó ag scaipeadh ábhair mhíchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile</p>	
Úsáid larscoile fhoigneamh na Scoile ag Eagrais Eile	Baill do shabháilteacht páistí- An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil	<p>Conradh le síniú ag an Eagrais eile.</p> <p>Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gclár ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.</p>
Úsáid an áitribh scoile ag eagraíochtaí eile le linn an lae scoile	<p>Baill do shabháilteacht páistí- An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil</p> <p>Baill do shláinte páistí</p>	<p>Múinteoir ar fáil sa rang/ scoil i gconaí</p> <p>Gan páiste a fhágáil leo féin</p> <p>Eolas a fháil faoin ábhair atá á phlé roimh ré</p> <p>Liosta síniú isteach</p> <p>Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.</p>
Oibríthe deonacha /Tuismitheoirí i mbun gníomhaíochtaí scoile	Baill do shabháilteacht páistí- An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil	<p>Múinteoir ar fáil sa rang/ scoil i gconaí</p> <p>Gan páiste a fhágáil leo féin</p> <p>Liosta síniú isteach</p>

	Baill do shláinte páistí-	Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.
Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil le linn uaireanta scoile	Baill do shabháilteacht páistí má tá obair ar siúl An riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir díobháil do leanbh sa scoil	Fanann duine de fhoireann na scoile leis an gcuairteoir nó conraitheoir i gcónaí. Déantar iarracht gan conraitheoirí a bheith ar láthair na scoile nuair atá páistí sa scoil.
Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair sa scoil tar éis gníomhaíochtaí scoile	Baol do shláinte páistí-cinntiú go bhfuil an áit sábháilte do phaistí & foireann na scoile	Bíonn feighlí na scoile ag oibriú le na conraitheoirí.
Club obair bhaile/staidéar tráthnóna	An riosca go ndéanfadh ball d'fhoireann na scoile díobháil do leanbh sa scoil  An riosca go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil	Polasaí Caomhnú Leanaí Cód Iompar na Scoile Polasaí Frith-Bhulaíocht na Scoile

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca “díobhála” mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna* (athbhreithnithe 2023)

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéad is féidir.

Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an mBord Bainistíochta ar an 27ú Samhain. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Síniú : \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú : \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

